

Cóisirí – Rólghníomhaíocht

Treoracha agus moltaí

Seo gníomhaíocht atá bunaithe ar chóisirí do leanaí.

Treoracha

- Déan ransú intinne leis na foghlaimeoirí ar na focail agus ar na frásaí a bhaineann le cóisirí.
- Ansin, ag obair le chéile mar rang, iarr ar na foghlaimeoirí liosta a chur le chéile de na háiteanna sa cheantar atá go maith i gcomhair cóisirí agus na cineálacha cóisirí a n-éiríonn go maith leo sa bhaile.

Samplaí (Ionaid spraoi i.e. *Go Kids Go*, bialanna i.e. *Milano*, an phictiúrlann, bÁCáil sa teach, imirt sa ghairdín, cóisirí spóirt, picnicí etc. etc.). Cuir an liosta ar an gclár agus iarr orthu labhairt ar feadh cúpla nóiméad i mbeirteanna faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na cineálacha cóisirí ar an liosta.

- Ansin cuir an rang ag obair i bpéirí. Tabhair bileog do dhuine i ngach péire (i.e. tabhair Teaghlach A nó Teaghlach B nó Teaghlach C do dhuine as gach péire). Caithfidh an duine ag a bhfuil an bhileog (Duine 1) cur síos a dhéanamh ar an gcóisir atá le heagrú, ar an leanbh agus ar na dúshláin. Caithfidh an dara duine (Duine 2) comhairle a thabhairt maidir le cén cineál cóisire is fearr a d'oirfeadh sa chás áirithe sin agus cúiseanna a thabhairt. Ansin malartóidh siad. Tógfaidh Duine 2 bileog (ceann difriúil an uair seo) agus cuirfidh Duine 1 comhairle maidir leis an gcineál cóisire ba cheart a eagrú sa teaghlach áirithe sin.
- Lean an ghníomhaíocht seo le plé ar chóisirí.

Moltaí

- Iarobair eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ná liosta de pháistí agus d'aoiseanna a chur ar an gclár agus iarraidh ar na grúpaí plé a dhéanamh ar cén cineál cóisire ab fhearr a d'oirfeadh do gach leanbh.

Sampla:

- Seán. 6 bliana. Buachaill spórtúil gníomhach.
- Áine. 8 mbliana. Cailín ciúin ealaíonta.
- Evan. 10 mbliana. Buachaill ciúin, ciallmhar.

Teaghlach A



Seo é David. Tá sé sna naónáin bheaga agus tá sé fiáin! Tá grúpa mór cairde fiáine aige. Is breá leo a bheith ag rith timpeall ag béiceadh agus ag screadaí agus ag méiseáil. Tá sé ag súil go mór lena chóisir agus é lán de sceitimíní!



Seo iad Joe agus Edel, thuismitheoirí David. Tá an teach díreach péinteáilte agus athchóirithe acu. Is ealaíontóir é Joe agus tá an teach lán d'ealaín álainn atá an-luachmhar. Tá siad scanraithe roimh chairde David agus an damáiste a d'fhéadfaidís a dhéanamh!

Teaghlach B



Seo í Caoimhe. Beidh sí 6 bliana d'aois. Is breá léi ealaín, banphrionsaí agus aon rud a bhfuil dath bándearg air! Níl ach ochtar cailíní ina rang agus deir sí nach maith léi buachaillí!



Seo í Sinéad, Mamaí Chaoimhe. Ba bhreá léi an chóisir a bheith ar siúl sa bhaile. Tá cónaí orthu i dteach scóipiúil le gairdín. Is breá léi a bheith ag bácáil.

Mí na Samhna atá ann agus tá an aimsir go huafásach. Tá Sinéad faoi bhrú agus faoi strus agus tá sí an-tuirseach.

Teaghlach C



Seo í Éimhín. Beidh sí trí bliana déag d'aois. Tá sí ag iarraidh slua mór cailíní a thabhairt go dtí a cóisir. Tá sí ag iarraidh go bhfanfaidís thar oíche agus go bhféachfaidís ar scannáin scanrúla i rith na hoíche agus go n-íosfaidís píotsaí agus seacláid agus milseáin.



Seo iad Gearóid agus Eve, thuismitheoirí Éimhín. Tá siad an-sláintiúil agus aclaí agus ní íosfaidís riamh píotsa ná seacláid! Tá an teach á athchóiriú faoi láthair agus tá rudaí trína chéile agus bunoscionn. Níl siad féin agus Éimhín ag réiteach maidir leis an bplean don chóisir – síleann siad go bhfuil Éimhín ró-óg chun slua cairde a bheith ag fanacht thar oíche.

Mí na Nollag atá ann agus tá gach éinne an-ghnóthach.